Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 19 Samhain 2018
(OR. en)

13960/18

COAFR 279
CFSP/PESC 1050
CSDP/PSDC 660
DEVGEN 211
MIGR 190
COHOM 143
COHAFA 101

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | An Aetóip - Conclúidí ón gComhairle (19 Samhain 2018) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Aetóip, mar a glacadh iad ag an 3652ú cruinniú de chuid na Comhairle ar an 19 Samhain 2018.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Aetóip**

1. Tá athrú ollmhór tarlaithe san Aetóip. Tá dlús nua leis na hathchóirithe polaitiúla agus eacnamaíocha faoi cheannaireacht an Phríomh-Aire Abiy Ahmed. Is sampla dearfach don réigiún agus do bhólaí is faide anonn é clár oibre uaillmhianach an Phríomh-Aire ar son sochaí níos daonlathaí agus níos córa san Aetóip.

2. Is ábhar sásaimh don Chomhairle tiomantas Rialtas na hAetóipe don daonlathas ilpháirtí, meas ar chearta an duine, don smacht reatha, agus don chomhionannas inscne. Is céimeanna tábhachtacha spreagúla i dtreo méadú ar an gcomhionannas inscne agus cuimsitheacht gur ceapadh Sahle-Work Zewde mar Uachtarán le déanaí agus gur mná a d'ainmnigh an Príomh-Aire i leath de phoist na comhaireachta, gníomh a chuireann ról na mban i sochaí na hAetóipe chun cinn. Molann an Chomhairle don Rialtas leanúint dá iarrachtaí ina leith seo agus i dtreo idirphlé cuimsitheach leis na páirtithe leasmhara go léir a fhorbairt, lena n-áirítear údaráis chónaidhme agus réigiúnacha, grúpaí freasúra, an tsochaí shibhialta, grúpaí óige agus na meáin, maidir le réitigh inbhuanaithe do rialachas níos fearr, ceartas agus cuntasacht, toghcháin, cruthú post agus dúshláin slándála. Tá an tAontas réidh le tacú leis an Aetóip san obair leanúnach atá ar siúl aici lena áirithiú go léirítear meas ar na bunchearta seo – saoirse tuairimíochta, cainte agus rochtain ar fhaisnéis, an tsaoirse tionóil, caoinfhulaingt i leith creidimh a chothú agus príomhshruthú inscne a chosaint, oideachas agus cumhachtú cailíní agus na mban a chur chun cinn, deireadh a chur le gach cineál foréigin in aghaidh na mban, agus iad seo a dhéanamh agus aird ar na chéad toghcháin eile, toghcháin is ceart a bheith cuimsitheach, inchreidte agus trédhearcach.

3. Is díol sásaimh don Chomhairle fógairt na n-athchóirithe a bhfuil sé mar aidhm acu an geilleagar a athnuachan tríd an staid infheistíochta a fheabhsú, ról na hearnála príobháidí a neartú, páirt a ghlacadh i sásraí iltaobhacha saorthrádála, príomhfhiontair faoi úinéireacht an stáit a athchóiriú agus iad a oscailt d'iomaíocht agus rannpháirtíocht eachtrach, chomh maith leis an ngeilleagar a chur ar chonair atá inbhuanaithe go fioscach. Molann an Chomhairle don Rialtas na hathchóirithe a fógraíodh a chur i bhfeidhm. Ba cheart go gcuirfeadh na bearta seo, chomh maith leis an rannpháirtíocht i dtionscnamh an Chomhshocraithe leis an Afraic atá á stiúradh ag G20, ba cheart go mbeidís ina rannchuidiú agus aghaidh á tabhairt ar an ngéarghá atá le poist a chruthú i dtír ina bhfuil dhá thrian den daonra faoi bhun 30 bliain d'aois. Géaróidh an tAontas, ar príomh-chomhpháirtí trádála agus infheistíochta de chuid an Aontais é, ar a thacaíocht i réimsí a bhaineann le poist a chruthú, ionaid tionscail agus agraithionscail, cur chun cinn onnmhairithe agus trádála, chomh maith le forbairt na hearnála príobháidí. Cuireann an Chomhghuaillíocht nuabheartaithe idir an Afraic agus an Eoraip le haghaidh Infheistíochta agus Poist Inbhuanaithe creat treisithe ar fáil le tacú le claochlú eacnamaíoch na hAetóipe.

4. Le scór bliain anuas, tá feabhsuithe tábhachtacha déanta ag an Aetóip ar laghdú na dearbh-bhochtaineachta agus ar leathnú an teacht atá ar bhunseirbhísí sóisialta. Ach in ainneoin iarrachtaí suntasacha an Rialtais, tá dúshláin thromchúiseacha forbraíochta ann go fóill, lena n-áirítear neamhdheimhneacht an tsoláthair bia agus gannchothú. Tá an tAontas tar éis a bheith ina chara dílis ag an Aetóip trí thacú léi le comhar forbraíochta an Aontais, agus le Plean Infheistíochta na hEorpa agus Ciste Iontaobhais an Aontais Eorpaigh don Afraic. Tá an Rannpháirtíocht Straitéiseach idir an tAontas agus an Aetóip, a síníodh i mí an Mheithimh 2016, tar éis suntas polaitiúil na comhpháirtíochta sin a mhéadú. Cuireann an Chomhairle i bhfáth nach mór tacú le clár oibre an Rialtais maidir le hathchóiriú. Géaróidh an tAontas gona Bhallstáit ar an gcomhordú tríd an gClársceidealú atá ann cheana féin ionas go mbeidh tacaíocht an Aontais don chlár oibre um athchóiriú níos fónta agus níos éifeachtaí. Ba cheart a chur i dtreis freisin nach mór na hiarrachtaí seo go léir a dhéanamh i gcomhréir le spriocanna forbartha inbhuanaithe Chlár Oibre 2030, agus i bhfianaise Chomhaontú Pháras.

5. Tá easáitiú ag tarlú go tapa agus go forleathan mar gheall ar éiginnteacht agus an méadú ar fhoréigin eitneach, rud a mhéadaíonn na dúshláin dhaonnúla atá ann cheana féin agus atá ina bhagairt ar phróiseas an athchóirithe. Is Is mór an t-ábhar buartha an staid dhaonnúil. Iarrann an Chomhairle ar na dreamanna go léir atá i gceist guaim a choinneáil orthu féin, molann sí don Rialtas slándáil agus teacht cothrom ar sheirbhísí a chur ar fáil do chách, agus cuireann sí i bhfáth nach mór meas a léiriú ar chearta an duine agus seasamh leo, fad a dhírítear ar na saincheisteanna seo. Cuireann an Chomhairle i dtreis go bhfuil gá le hiarrachtaí leanúnacha ar son réiteach síochánta an teannais inmheánaigh. Tá an tAontas gona Bhallstáit ag cur tacaíocht dhaonnúil ar fáil don bhreis is 2.7 milliún duine atá easáitithe go hinmheánach ar fud na tíre. Cuireann an Chomhairle i bhfáth gur cheart iad siúd a easáitíodh go hinmheánach a thabhairt ar ais go deonach agus go sábháilte ach arb ann do na dálaí riachtanacha. Ba cheart rochtain dhaonnúil phráinneach gan bhac a áirithiú i gceantair ina bhfuil easáitiú ag tarlú agus daoine ag teacht ar ais.

6. Tacaíonn an Chomhairle leis an ról tiomána atá ag an Aetóip i bpróiseas réigiúnach an Chreata Chuimsithigh Freagartha do Dhídeanaithe (CRRF) agus í ar an dara tír is mó san Afraic atá ag glacadh le dídeanaithe. D'fhonn cur chun feidhme ghealltanais uaillmhianacha na hAetóipe a éascú, tá an Chomhairle ag iarraidh ar an Aetóip dul chun cinn go práinneach le glacadh an fhorógra do dhídeanaithe. Is díol sásaimh don Chomhairle chomh maith an comhar idir an tAontas agus an Aetóip maidir le himirce agus easáitiú éigeantach, agus molann sé an Aetóip as a ról cuiditheach i bPróiseas Chartúm agus san obair a lean Cruinniú Mullaigh Vaileite. Is díol sásaimh don Chomhairle an cinneadh víosaí a dheonú ar theacht isteach do shaoránaigh as tíortha na hAfraice mar chéim i dtreo comhtháthú breise réigiúnach agus ilchríochach.

7. Is díol sásaimh don Chomhairle an cur chuige nua i leith saincheisteanna réigiúnacha atá á chur chun cinn ag an bPríomh-Aire Abiy, cur chuige a chuireann deis uathúil ar fáil le comhar níos mó, dea-chaidreamh i measc na gcomharsana, agus comhtháthú eacnamaíoch a bhaint amach i gCorn na hAfraice agus níos faide i gcéin. Is díol sásaimh don Chomhairle go háirithe na comhaontuithe stairiúla síochána idir an Eiritré agus an Aetóip, agus tá sí réidh le tacú le cur chun feidhme leanúnach na gcomhaontuithe sin le hionstraimí agus sásraí ábhartha. Is díol sásaimh don Chomhairle freisin an gealltanas comhair chuimsithigh a rinne an Aetóip, an Eiritré agus an tSomáil araon, rud a chuireann dearcaí nua ar fáil do thimpeallacht fheabhsaithe inar féidir stát a chothú sa tSomáil. Agus í ag tabhairt dá haird an teagmháil mhéadaithe idir an Eiritré agus Djibouti, leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé go leanfaí d'iarrachtaí ar mhaithe le normalú an chaidrimh eatarthu, rud a d'fhéadfadh cur le neartú na gné cuimsithí san athmhuintearas réigiúnach. Is mór ag an gComhairle ról na hAetóipe ina leith seo agus molann sé don Aetóip leanúint d'éascú an idirphlé idir an Eiritré agus Djibouti a thairiscint. Ós amhlaidh atá, is ábhar sásaimh don Chomhairle cinneadh Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe deireadh a chur leis na bearta sriantacha in aghaidh na hEiritré. Is díol sásaimh don Aontas freisin an plé tríthaobhach leanúnach atá ar siúl idir an Éigipt, an Aetóip agus an tSúdáin maidir le Damba Mhór-Athbheochan na hAetóipe. Molann an Chomhairle ceannairí an réigiúin as a gceannaireacht agus a gcrógacht agus díospóidí á réiteach acu agus molann sí dóibh leanúint dá n-iarrachtaí d'fhonn tús a chur le ré nua don chomhar i gCorn na hAfraice. Tá an tAontas réidh le tacú lena n-iarrachtaí, agus gach uirlis atá ar fáil dó a úsáid chun comhar réigiúnach i ndáil le síocháin, slándáil agus comhtháthú eacnamaíoch réigiúnach a threisiú.

8. Ba cheart an dlús nua seo a úsáid chun comhar idir comhpháirtithe ar fud Chorn na hAfraice a threisiú, go háirithe chun éifeachtacht an Údaráis Idir-rialtasaigh Forbartha (IGAD) a mhéadú a thuilleadh, ar mhaithe le freagairt go comhpháirteach do na deiseanna nua atá ag teacht chun cinn sa réigiún. Ós mar sin atá, tá an tAontas ag súil le bheith ag obair go leanúnach le IGAD agus ar son ath-imeascadh na hEiritré san eagraíocht.

9. Is deis ar leith é an tráth dearfach seo do na gníomhaithe ábhartha ar fud na Mara Deirge géarú ar an idirphlé agus ar an gcomhar eatarthu. Tá an tAontas réidh i gcónaí ina leith seo lena thaithí féin a roinnt pé áit is ábhartha, d'fhonn tacú le – agus a bheith páirteach in – iarrachtaí agus tionscnaimh ón taobh istigh den réigiún atá dírithe ar idirphlé agus comhar a neartú maidir le réimse leathan saincheisteanna coiteanna agus comhleasa.